# Maoiniú d'Ionaid Ealaíon 2025

(Lena n-áirítear Maoiniú Ilbhliantúil 2025–27)

# Treoirlínte d'Iarratasóirí

Spriocdháta: 5.30pm (am na hÉireann), Déardaoin an 19 Meán Fómhair, 2024

**Tabhair faoi deara: daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu**

**Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas nó do dhaoine a bhfuil riachtanais maidir le bealach isteach acu ar mian leo iarratas a chur isteach nó a bhfuil deacrachtaí acu teacht ar Sheirbhísí ar Líne. Má tá riachtanas speisialta agat sa réimse sin, déan teagmháil le hOifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, ar an nguthán (01 618 0200/01 618 0243) nó trí ríomhphost (access@artscouncil.ie) chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta.**

## Tabhair faoi deara:

Mura bhfuil Maoiniú d'Ionaid Ealaíon á fháil agat in 2024, **ní mór duit** dul i dteagmháil le foireann an Ionaid Ealaíon sula gcuirfidh tú tús le d'iarratas lena fháil amach an í an scéim seo an scéim is fearr do d'eagraíocht.

Tá teagmhálacha foirne ar ár suíomh gréasáin: [http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/](http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/).

**CLÁR**

**Cabhair a fháil maidir le d'iarratas** 3

**1. Cad ba chóir a bheith ar eolas agat faoi Mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon** 4

**2. An dóigh a ndéanaimid d'iarratas a mheasúnú agus a scóráil** 12

**3. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh** 21

**4. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil** 41

**5 Cén chaoi a n-úsáideann an Chomhairle Ealaíon d'fhaisnéis agus cén chaoi a dtugann sí cosaint don fhaisnéis sin?** 43

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Nuair a bheidh tú réidh chun d'iarratas a dhéanamh, ní mór duit é a chur isteach ar chóras Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon. Chun cabhrú leat, chuireamar liosta ceisteanna coitianta le chéile (CCanna).

  Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon: https://www.artscouncil.ie/TaxSelectorPage.aspx?id=9071.

- Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus mura bhfuil freagra ar do cheist sa rannán Ceisteanna Coitianta, déan teagmháil linn:

  Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie

  Guthán: 01 618 0200

  01 618 0243.

- Má tá cabhair ag teastáil uait le d'iarratas, seol ríomhphost chugainn:

  Guthán: 01 618 0200

  01 6180243

  Ríomhphost: Martin.Rochford@artscouncil.ie

# 1. Cad ba chóir a bheith ar eolas agat faoi Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon

Sa chuid seo insítear duit faoi Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon. Cuideoidh sé leat a chinneadh an gcáileoidh d'eagraíocht i gcomhair Maoiniú d’Ionaid Ealaíon nó nach gcáileoidh.

**Maoiniú ilbhliantúil**

I mí Meithimh 2024, seoladh litir chuig ionaid ealaíon ina raibh cuireadh chun spéis a léiriú sa chlár maoinithe ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2025–27. Iarrfar ar na hionaid ealaíon iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ilbhliantúil bunaithe ar an measúnú ar léirithe spéise agus ar oiriúnacht. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach ar an litir chuiridh a fuair tú.

**Tabhair faoi deara:** ní féidir a rá go cinnte go bhfaighidh na heagraíochtaí a dtugtar cuireadh dóibh iarratas a dhéanamh, maoiniú ilbhliantúil. Mura gcuirtear maoiniú ilbhliantúil ar fáil, caithfear leis an iarratas mar iarratas aon bhliana.

### 1.1 Cad is cuspóir leis an Maoiniú d’Ionaid Ealaíon?

Is é is cuspóir leis an Maoiniú d’Ionaid Ealaíon infheistíocht a chur i mbonneagar a theastaíonn in Ionaid Ealaíon chun na healaíona a chothú agus a fhorbairt in Éirinn agus tacaíocht a thabhairt don bhonneagar sin.

Sainmhínítear ionaid ealaíon mar eagraíochtaí ealaíon lánaimseartha, atá os comhair an phobail, atá faoi bhainistíocht ghairmiúil agus atá bunaithe ar na healaíona a chothú. Tacaíonn siad le healaín a chruthú, a chur i láthair agus idirghabháil ealaíon thar raon foirmeacha ealaíne agus cleachtas ealaíon. Tacaíonn siad le cleachtas ealaíon gairmiúil, comhoibritheach, deonach agus amaitéarach.

Déanann na daoine siúd a fhaigheann Maoiniú d’Ionaid Ealaíon obair ríthábhachtach le go gcuirfí na tosaíochtaí beartais a shonraítear i straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*) i gcrích.

### 1.2 Cad iad na haidhmeanna agus na cuspóirí a bhaineann le Maoiniú d’Ionaid Ealaíon?

Agus Maoiniú d’Ionaid Ealaíon á tairiscint aici, is mian leis an gComhairle Ealaíon an méid seo a leanas a chinntiú:

- Gníomhaíochtaí, imeachtaí agus seirbhísí ealaíon den scoth a chur ar fáil agus a scaipeadh ar fud na tíre ar feadh na bliana
- Go mbainfidh líon níos mó daoine taitneamh as eispéireas ealaíon ar ardchaighdeán
- Go dtacófar le healaíontóirí ina gcleachtas gairmiúil

- Go léireoidh lucht féachana, ealaíontóirí agus rannpháirtithe éagsúlacht na hÉireann comhaimseartha[1]
- Go mbeidh rannpháirtíocht níos mó ag an bpobal agus leis an bpobal
- Ardchaighdeáin sa rialachas agus sa bhainistíocht.

I gcomhréir leis an m*Beartas agus Straitéis d'Ionaid Ealaíon*, is mian leis an gComhairle Ealaíon ionaid ealaíon a spreagadh chun caidreamh a bhunú le healaíontóirí agus tacaíochtaí dóibh a fhorbairt a thuilleadh. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Deiseanna den scoth um fhorbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí/gairmithe ealaíon a chur ar fáil trí:
    - Bainistíocht a dhéanamh ar spásanna fisiciúla d'ealaíontóirí chun saothar a fhorbairt
    - Cónaitheachtaí atá sách fada le go mbeadh fiúntas leo, a bhfuil luach saothair cuí ag gabháil leo agus atá ábhartha do riachtanais ealaíontóirí atá ag plé le foirmeacha agus cleachtais éagsúla ealaíne
    - léiriúcháin/comhléiriúcháin intí
    - Samhlacha eile tacaíochta de réir mar is cuí.

**Tabhair faoi deara:** ní tosaíochtaí iad, ó thaobh maoiniú d'Ionaid Ealaíon de, aon ghníomhaíochtaí amhail sparánachtaí, ina ndírítear ar fhorbairt an chleachtais ealaíontóra amháin agus d'fhéadfadh sé go bhfreastalófaí níos fearr orthu trí na scéimeanna atá ar fáil d'ealaíontóirí aonair.

Tabhair achoimre ar na tacaíochtaí breise d'ealaíontóirí mar ghníomhaíochtaí in 2025 ar an teimpléad AAR.

Obair a dhéanamh i gcomhar le heagraíochtaí cultúrtha agus eagraíochtaí eile (e.g. ionaid ealaíon agus ionaid tionóil eile, oifigí ealaíon údaráis áitiúla, féilte, leabharlanna, scoileanna, ionaid chúraim, etc.) chun caidreamh a dhéanamh le daoine mar ealaíontóirí, baill den lucht féachana, comhoibrithe agus rannpháirtithe

- Pleanáil chun eagraíochtaí atá cliste go digiteach a fhorbairt, ag tacú le nuálaíocht sa chruthú agus sa scaipeadh.

- Mar chuid dá Beartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do **chomhionannas rochtana, deiseanna agus torthaí** a chur ar fáil do gach iarratasóir féideartha beag beann ar
- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois
- Míchumas

[1] Féach Beartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimhsitheacht na Comhairle Ealaíon.

- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

Sa scéim maoinithe seo, cuireann an Chomhairle Ealaíon fáilte ar leith roimh iarratais ó gach cuid de shochaí na hÉireann, lena n-áirítear aon cheann de na tréithe a luaitear thuas ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin agus/nó tionscnaimh a chuireann deiseanna nó torthaí cothroma ar fáil dóibh siúd atá bainteach leo.

### 1.3 Cé atá incháilithe don Chlár um Maoiniú d’Ionaid Ealaíon?

Baineann an Clár um Maoiniú d’Ionaid Ealaíon leo seo amháin: eagraíochtaí ealaíon ildisciplíneacha faoi bhainistíocht ghairmiúil atá lonnaithe i bhfoirgnimh agus atá oscailte don phobal i rith na bliana ar fad.

Le bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh, **ní mór** do d'eagraíocht:

- A bheith bunaithe go foirmiúil mar Chuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (CLG), mar Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC), mar Chuideachta faoi Theorainn Scaireanna (LTD) nó a bheith ina comhlacht reachtúil.[2]

A hainm féin a úsáid san iarratas, agus ní ainm cuideachta nó duine eile

### 1.4 Cé nach bhfuil incháilithe don Chlár um Maoiniú d’Ionaid Ealaíon?

- Más é seo an chéad uair a chuir d’eagraíocht isteach ar Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon, **ní mór** duit teagmháil a dhéanamh le foireann na nIonad Ealaíon sula gcuirfidh tú isteach ar an maoiniú. Meastar go bhfuil iarratais neamh-incháilithe más rud é go bhfuarthas iad ó iarratasóirí céaduaire nár chomhaontaigh a n-incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh, i scríbhinn, le Foireann na nIonad Ealaíne.
- Eagraíochtaí a chuir isteach ar mhaoiniú cheana féin trí Mhaoiniú Deontais do na hEalaíona 2025 nó Scéim Infheistíochta na bhFéilte 2025, ach amháin má thug an Chomhairle Ealaíon cead é sin a dhéanamh. Ní mór d'eagraíochtaí é seo a phlé leis an bhfoireann ealaíon ábhartha roimh ré.
- Comhaltaí de Chomhairle na nInstitiúidí Náisiúnta Cultúrtha (CNCI) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
- Ní dhéanfar measúnú ar eagraíochtaí nach gcomhlíonann na critéir cháilitheachta agus ní bhfaighidh siad Maoiniú d’Ionaid Ealaíon.

---

[2] Féadfaidh eagraíochtaí nach bhfuil bunaithe go foirmiúil mar CTR/DAC/TEO iarratas a dhéanamh ar an tuiscint go ngabhfaidh siad orthu féin corprú go foirmiúil ar an mbealach sin más rud é go n-éiríonn lena n-iarratas ar Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon.

**1.5 Cén chaoi ar athraíodh Maoiniú d'Ionaid Ealaíon?**

Thugamar isteach an riachtanas le haghaidh athrá ar fud fhoirm iarratais 2025. Murar tháinig athrú ar bith ar do chur chuige ó cuireadh d'iarratas le haghaidh 2024 isteach, is féidir 'Athrú ar bith' a chur isteach nuair a iarrtar é sin.

**1.6 Cad iad na gníomhaíochtaí a dtabharfar tacaíocht dóibh trí Mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon?**

Tá sé mar aidhm ag an Maoiniú d'Ionaid Ealaíon tacú leis na gníomhaíochtaí a dtugann d'eagraíocht fúthu chun do mhisean a chur i gcrích agus leis na costais oibriúcháin lena mbaineann.

**Tabhair faoi deara:** cuir san áireamh aon ghníomhaíocht ar tugadh tacaíocht di roimhe seo trí scéimeanna maoinithe eile. Mar shampla:

- Cónaitheachtaí
- Tionscnaimh Fhorbartha Ealaíontóra
- Acmhainní a roinnt
- Ensembles na nÓg
- Camchuairt agus scaipeadh saothair in 2025.

Ní féidir Maoiniú d'Ionaid Ealaíon a úsáid chun míreanna caipitil a cheannach.

**1.7 Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?**

**Ní mór duit** ábhar tacaíochta riachtanach a uaslódáil mar chuid de d'iarratas faoin spriocdháta. Caithfear iad sin a chur isteach mar aon le d'fhoirm iarratais, agus ar leithligh uaithi.

**Tabhair faoi deara:** Ní gá do na hiarratasóirí a chuireann isteach ar mhaoiniú ilbhliantúil an t-iarratas iomlán a chur i gcrích ach sa chéad bhliain dá dtimthriall maoinithe a mhairfidh trí bliana.

Go ginearálta, teastaíonn eolas uainn a cheadaíonn dúinn buiséid, an chaoi a n-íoctar ealaíontóirí, an bhfuil an rud atá á thairiscint agat indéanta, agus cé leis atá tú ag obair a mheas.

**Mura gcuireann tú an t-ábhar tacaíochta riachtanach ar fad ar fáil, is féidir nach ndéanfar d'iarratas a mheasúnú.**

## Ábhair thacaíochta éigeantacha

**Iarratasóirí a fhaigheann Maoiniú d'Ionaid Ealaíon faoi láthair**

- Tuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (A-AAR) chomhlánaithe le haghaidh 2023
- Na cuntais a bhfuil iniúchadh déanta orthu don bhliain airgeadais is déanaí

**Tabhair faoi deara:** má chuir tú an fhaisnéis thuas ar fáil don Chomhairle Ealaíon cheana féin, ní gá duit é sin a dhéanamh arís.

**Gach iarratasóir**

- Teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR) comhlánaithe, ina bhfuil
  - Gníomhaíochtaí do 2024 (bliain go dáta agus réamh-mheasta go dtí deireadh na bliana), **agus**
  - Gníomhaíochtaí atá beartaithe do 2025.

  **Tabhair faoi deara:** más rud é gur tugadh cuireadh duit cur isteach ar mhaoiniú ilbhliantúil, ní mór duit AAR comhlánaithe a chur ar fáil lena gcuimsítear gníomhaíochtaí le haghaidh 2024 (réamh-mheasta go deireadh na bliana) agus gníomhaíochtaí atá beartaithe le haghaidh 2025, 2026 agus 2027. Féach cuid 3.3 agus cuid 3.5 den cháipéis seo (thíos) chun tuilleadh eolais a fháil.

  Is féidir an AAR a íoslódáil ó Sheirbhísí ar Líne.

- Do chuid gníomhaíochtaí atá beartaithe — sa bhreis ar an eolas sa teimpléad AAR. **Iarrfar ort srian a choinneáil ar an téacs chuig 200 focal in aghaidh na gníomhaíochta – uasmhéid de 5,000 focal ina iomláine.**
  - Buiséid mhionsonraithe.

  Is féidir ár dTeimpléad Buiséid Gníomhaíochta a úsáid chun na críche sin. Tá an teimpléad ar fáil ar an leathanach maidir le Maoiniú atá ar Fáil anseo: Maoiniú d’Ionaid Ealaíon | The Arts Council | An Chomhairle Ealaíon
- **Maidir le maoiniú ilbhliantúil** ní mór duit cáipéis téacs ar leith a chur ar fáil ina leagtar amach do ghníomhaíochtaí beartaithe le haghaidh 2026 agus 2027.
- Ní mór go léireofaí sna cuntais bhainistíochta le haghaidh 2024 agus le haghaidh 2025 d’fheidhmíocht airgeadais go dtí seo le haghaidh 2024 agus réamh-mheastacháin don chuid eile den bhliain agus do réamhaisnéis le haghaidh 2025. Ní mór iad a chur ar fáil san fhormáid chéanna.
- Sampla amháin ar a laghad, agus trí shampla ar a mhéad, den obair a rinne d'eagraíocht le déanaí agus a thugann an léiriú is fearr ar an gcineál oibre a bhfuil maoiniú na Comhairle Ealaíon á lorg agat ina leith. D'fhéadfadh cláir/bróisiúir fhoilsithe, samplaí d'obair a chruthaigh tú do lucht féachana nó a chuir tú i láthair lucht féachana, obair a rinneadh i gcomhthéacs tacaíochtaí a thairiscint d'ealaíontóirí, etc. a bheith i gceist leis sin. Má chuireann tú níos mó ná trí shampla ar fáil de d’obair d’eagraíochta, ní dhéanaimid ach na chéad trí shampla a chuirfear ar fáil a athbhreithniú agus a mheasúnú.

**Cásanna sonracha**

Maidir le gach gníomhaíocht atá á tháirgeadh agat, caithfear buiséid ar leith a sholáthar, CV don phríomhfhoireann, agus cur síos mionsonraithe den obair a dhéanfar chomh

maith leis an bhfaisnéis sa teimpléad AAR. **Tá buiséid bhreise de dhíth le haghaidh gníomhaíochtaí suntasacha amhail:**

- Léiriúcháin intí
- Féilte intí
- Camchuairteanna
- Ensembles na nÓg
- Gníomhaíochtaí foghlama cruthaithí
- Gníomhaíochtaí forbartha lena mbaineann níos mó ná ealaíontóir amháin – e.g. cuir i láthair atá 'idir lámha fós'.

I gcás buiséid le haghaidh do ghníomhaíochtaí, is féidir leat úsáid a bhaint as Teimpléad Buiséid le haghaidh Gníomhaíochtaí de chuid na nIonad Ealaíon arna chur ar fáil ag an gComhairle Ealaíon. Tá táb eile sa scarbhileog seo le haghaidh gach gníomhaíochta a chuirtear isteach sa teimpléad AAR.

Sábháil gach buiséad gníomhaíochta **i gcáipéis bhuiséid amháin.**

**Tá na cáipéisí tacaíochta a liostaítear thíos de dhíth chun measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí samplacha seo a leanas:**

## 1 Léiriúcháin amharclannaíochta intí

- Beathaisnéisí nó CVanna mionsonraithe atá cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) den phríomhphearsanra uile atá páirteach sa tionscadal a bheartaítear
- **Caithfear** úsáid a bhaint as an leagan is déanaí de theimpléad buiséid Amharclannaíochta na Comhairle Ealaíon ina leith. Is féidir leat é a íoslódáil ar an leathanach Dámhachtain do Thionscadal Amharclannaíochta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon
- Suas le trí shampla de shaothar atá déanta cheana féin atá ábhartha do d'iarratas – d'fhéadfá meascán meán éagsúla (fís, fuaim, téacs) a sholáthar mar is cuí
- Meabhrán tuisceana atá agat le gach eagraíocht comhpháirtíochta atá agat, ina dtugtar mionsonraí faoin gcineál tacaíochta agus faoi luach na tacaíochta, idir thacaíocht airgid agus tacaíocht chomhchineáil, atá á tairiscint
- Fianaise ar an tacaíocht airgeadais nó urraíocht **go léir** – lena n-áirítear an luach – atá sonraithe sa bhuiséad tionscadail nach bhfuil meabhrán tuisceana agat di.

## 2 Cónaitheachtaí a dhéanann ealaíontóirí/eagraíochtaí ealaíon

- Buiséad mionsonraithe (is féidir an Teimpléad Buiséid le haghaidh Gníomhaíochtaí de chuid na nIonad Ealaíon a úsáid) ina leagtar amach an t-ioncam agus an caiteachas beartaithe don chónaitheacht bheartaithe (ní mór é sin a chur isteach chomh maith leis an bhfaisnéis bhuiséid atá sa teimpléad AAR).
- CV mionsonraithe cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) an ealaíontóra/na heagraíochta ealaíon atá beartaithe don chónaitheacht.
- Ní mór an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis an meabhrán tuisceana idir na comhpháirtithe uile atá i mbun an iarratais (i.e. an t-ealaíontóir, an t-ionad ealaíon agus aon chomhpháirtí eile):

- Breac-chuntas ar an gclár oibre/gníomhaíochtaí a dhéanfaidh an t-ealaíontóir/an eagraíocht ealaíon i gcaitheamh na cónaitheachta
- Liosta de na hacmhainní airgid, comhchineáil agus bonneagair a chuirfear ar fáil chun tacú leis an ealaíontóir(í)
- Miondealú soiléir ar róil agus ar fhreagrachtaí gach páirtí maidir leis an gcónaitheacht
- Fianaise dhoiciméadach ar **gach** cúnamh airgeadais (in airgead tirim nó i gcomhchineál) a mhionsonraítear i mbuiséad an togra.

### 3 Camchuairt agus scaipeadh saothair

- An Meabhrán Tuisceana (MT) arna chomhaontú leis an eagraíocht chomhpháirtíochta do **gach** ceann de na háiteanna ar do chamchuairt, ina sonraítear spriocphobail, socruithe margaíochta agus airgeadais.

  Bain úsáid as an teimpléad Meabhrán Tuisceana do Chamchuairteanna, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin: An scéim camchuairte saothair | Comhairle Ealaíon na hÉireann | The Arts Council | An Chomhairle Ealaíon.

  Sábháil na MTanna i gcomhair camchuairte le chéile in aon cháipéis amháin.
- I gcás nach féidir meabhrán tuisceana a chur ar fáil (mar shampla i gcás ionad tionóil nach bhfuil faoi bhainistíocht ghairmiúil), ní mór nóta a sholáthar ina mínítear é sin.
- Fianaise ar aon tacaíochtaí airgeadais nó urraíocht bhreise
- Buiséad mionsonraithe i gcomhair na camchuairte ar fad. Bain úsáid as Teimpléad Buiséid na nIonad Ealaíon le haghaidh Gníomhaíochtaí de chuid na Comhairle Ealaíon. I gcás léiriúchán amharclannaíochta ar camchuairt, bain úsáid as an teimpléad Buiséad le haghaidh Camchuairt Amharclannaíochta.
- Sa chás go n-úsáidtear seirbhísí léiritheora neamhspleách ar camchuairt, ní mór CV agus cuntas teiste ar léirithe a chur ar fáil. Mar a bhfuil ball den fhoireann ag comhlíonadh ról an léiritheora, ní mór CV a chur ar fáil ina léirítear fianaise ar scileanna agus ar thaithí.
- I gcás iarratasóirí ilbhliantúla atá ag cur isteach ar mhaoiniú in 2025 a mhairfidh go dtí 2026, ní mór dóibh sin na costais a thabhófar go ceann na camchuairte ar fad a chur san áireamh ina mbuiséad le haghaidh 2025.

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí aonair le d'iarratas.

**Cásanna eile**

Ní mór duit an t-ábhar seo a leanas a uaslódáil chun tacú le d'iarratas má tá tú tar éis tagairt a dhéanamh dóibh nó oibriú le grúpaí áirithe.

- Ag obair le daoine leochaileacha:
  - Dearbhú go gcloíonn tú leis an mbeartas agus na *Nósanna imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide* (féach anseo).
- Ag obair le hainmhithe:

- Cóip den cháipéis *Beartais agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* de do chuid.

- Ag obair le nó ag cur seirbhísí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag d'aois:
  - Ní gá duit cáipéis bhreise a uaslódáil. Ní mór duit, áfach, beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat (cuid 2.3 den fhoirm iarratais).

**Ábhar tacaíochta roghnach**

Má tá aon cheann de na rudaí seo a leanas ag d'eagraíocht agus má chreidtear go gcuirfidh siad cúlra agus comhthéacs leis na mionfhreagraí a chuir tú ar fáil san fhoirm iarratais, tá sé inmholta iad sin a uaslódáil (nó nasc a chur san áireamh má tá na cáipéisí seo foilsithe agus ar fáil ar líne):

- Plean Straitéiseach
- Beartas maidir le pá/coinníolacha ealaíontóirí
- Plean rannpháirtíochta poiblí/forbartha lucht féachana
- Beartas coimisiúnaithe

Is samplaí d'ábhair thacaíochta eile iad seo a leanas ina bhfuil ionchuimsitheacht inmholta:

- Sa chás ina bhfuil costais rochtana faoi leith ag baint le roinnt gníomhaíochtaí ina leagtar amach na costais seo agus an chaoi a bhfuil tú ag buiséadú lena n-aghaidh
- Sa chás ina bhfuil gníomhaíocht mhór ar líne, nó sa chás ina bhfuil sciar suntasach de na gníomhaíochtaí le cur ar fáil trí ardáin ar líne, cur síos gearr ar an gcaoi ar tháinig tú ar na figiúirí sin agus ar an gcaoi a ndéanfar iad a mheas.

**Tabhair faoi deara:** **ní** dhéanfaimid ábhar tacaíochta ar bith a uaslódálann tú nach bhfuil liostaithe thuas a athbhreithniú ná a mheasúnú.

**Beartas agus pleananna**

- Beartas aeráide
  - Ní cheanglaítear ort ag an tráth seo beartas aeráide agus plean gníomhaíochta a chur isteach le d'iarratas.

    Mar sin féin, beidh ar eagraíochtaí a mbronnfar Maoiniú d'Ionaid Ealaíon le haghaidh 2025 orthu beartas agus plean gníomhaíochta eagraíochtúil gníomhaithe ar son na haeráide (nó fianaise choibhéiseach eile ar ghealltanas timpeallachta) a chur isteach mar choinníoll maoinithe.

    Mar sin féin, má tá beartas nó plean gníomhaithe ar son na haeráide i bhfeidhm agat cheana féin, cuir é sin in iúl dúinn (féach cuid 2.4.5 ar an bhfoirm iarratais).

**Tabhair faoi deara:** ní critéar measúnaithe é sin.

# 2. An dóigh a ndéanaimid d'iarratas a mheasúnú agus a scóráil

Maidir le 2025, bunóimid ár gcinntí maoinithe ar na critéir seo a leanas:

1. Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon
2. Rannpháirtíocht
3. Cumas eagraíochta
4. Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht
5. Tábhacht straitéiseach an Ionaid Ealaíon

Breithneoidh measúnóirí na hiarratais trí úsáid a bhaint as a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirfidh tú ar fáil san iarratas, eolas ar obair d'eagraíochta **roimhe seo**, eolas ar thírdhreach na n-ealaíon i gcoitinne, agus an comhthéacs iomaíoch ina ndéantar na hiarratais ar fad a mheasúnú.

Déanfar measúnú ar d'iarratas agus tabharfar trácht gairid agus scór aonair dó le haghaidh gach ceann de na cúig chritéar.

### 2.1 Critéar 1: Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon

Cuirfear san áireamh freisin comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíne don togra. Déanfaimid measúnú ar chuntas teiste na heagraíochta agus ar thorthaí féideartha an togra:

- Obair ealaíne agus/nó imeachtaí, gníomhaíochtaí, seirbhísí den chéad scoth agus
- Deiseanna ardchaighdeáin d’ealaíontóirí agus/nó gairmithe ealaíon chun a gcleachtas a fhorbairt agus/nó chun saothar ardchaighdeáin a chruthú nó dul i ngleic le saothar ardchaighdeáin.

Nuair a bhaineann sé le do thogra, déanfaimid measúnú ar a mhéad atá comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ag cur le caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon in Éirinn.[3] Bíonn an Chomhairle Ealaíon dírithe go príomha ar fhorbairt ealaíontóirí, cleachtas ealaíon agus cruthú tionscadal ag a bhfuil gné idirnáisiúnta, seachas ar shaothar a chur i láthair thar lear. Níl cead Maoiniú d’Ionaid Ealaíon a úsáid chun tacú le camchuairt idirnáisiúnta ná le costais cur i láthair le haghaidh luchtanna féachana lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Mar sin féin, aithnímid go n-oibríonn go leor ealaíontóirí agus eagraíochtaí i gcomhthéacs idirnáisiúnta, agus féadfar na costais a bhaineann le cleachtas ealaíon a fhorbairt thar lear nó le tionscadal le comhpháirtithe idirnáisiúnta a thosú agus a chruthú a chur san áireamh anseo.

[3] Féach ar Bheartas Idirnáisiúnta na Comhairle Ealaíon.

### 2.2 Critéar 2: Rannpháirtíocht

I gcomhthéacs measúnú na n-iarratas le haghaidh maoinithe, beartaíonn an Chomhairle Ealaíon go gciallódh an téarma 'Rannpháirtíocht' an caighdeán idirghníomhaithe a bhíonn ag d'eagraíocht leis na daoine aonair a mbíonn sí ag oibriú leo agus/nó an pobal ar a bhfreastalaíonn sí.

Tuigimid go n-oibríonn eagraíochtaí ealaíon ar bhealaí difriúla agus go bhfreastalaíonn siad ar na riachtanais a bhíonn ag réimse leathan pobal, ealaíontóirí agus cleachtóirí eile ealaíne, rannpháirtithe/comhoibrithe, lucht féachana, oibrithe deonacha agus spriocghrúpaí. Mar gheall air sin, bunaithe ar an gcineál eagraíochta atá agat, déanfaimid measúnú ar d'iarratas agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

- Cuntas teiste sa rannpháirtíocht
- Na gníomhartha atá pleanáilte agus torthaí intomhaiste chun rannpháirtíocht a bhaint amach
- **Leanaí agus daoine óga:** na deiseanna a chuireann tú ar fáil do leanaí le bheith rannpháirteach sna healaíona, agus an bealach a mbíonn leanaí rannpháirteach i do chinnteoireacht, áit a bhfuil leanaí agus daoine óga ar do spriocghrúpa príomha nó i measc na bpríomhghrúpaí ar a bhfreastalaítear.

  Ní gá duit ach cuid 2.3.2 agus cuid 2.3.3 a chomhlánú má tá leanaí agus daoine óga ar do **spriocghrúpa príomha** nó i measc na **bpríomhghrúpaí** ar a bhfreastalaítear.

  I gcás eagraíochtaí a bhfuil treoir á lorg acu faoi conas is féidir leo páirt a thabhairt do dhaoine óga ina gcinnteoireacht, d'fhéadfadh sé go mbeadh an creat seo ina chabhair dóibh: https://hubnanog.ie/participation-framework

Déanfaimid measúnú freisin ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist agat do ghníomhaíochtaí agus torthaí a mheas

**An dteastaíonn tuilleadh treorach maidir le rannpháirtíocht uait?**

Tá treoir bhreise maidir leis an gcuid seo den fhoirm a chomhlánú ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag http://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Rannphairtiocht-an-phobail/.

### 2.3 Critéar 3: Cumas eagraíochta

Leis an gcritéar seo, déanfaimid measúnú ar chuntas teiste na heagraíochta agus ar an gcaoi a bhféadfadh na tograí atá beartaithe agat ardchaighdeán a bhaint amach maidir le rialachas agus bainistíocht sna healaíona. Beidh siad a leanas san áireamh:

- Cuntas teiste do bhoird agus do lucht bainistíochta mar aon le hábharthacht agus oiriúnacht a scileanna agus aon fhorbairtí atá beartaithe le haghaidh 2025
- Do chur chuige chun pá cóir agus coinníollacha córa a chinntiú d'ealaíontóirí*
- Acmhainneacht airgeadais na heagraíochta, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, pleanáil airgeadais agus aon fhorbairtí atá beartaithe le haghaidh 2025
- Do chur chuige maidir le hairgead a bhailiú agus/nó ioncam a fháil ó fhoinsí eile seachas an Chomhairle Ealaíon chun acmhainneacht na heagraíochta a neartú

- Caighdeán agus buntáistí na gcomhpháirtíochtaí a ndéanann tú cur síos orthu a chabhraíonn leat do chuspóirí a bhaint amach agus misean d'eagraíochta a chur chun cinn
- An fhaisnéis airgeadais a chuirtear ar fáil
- D’inniúlacht chun obair a chruthú, a fhorbairt agus a chur i láthair, lena n-áirítear áitreabh agus acmhainní eile chun ealaín a chruthú.

| | |
|---|---|
| *** Nóta maidir le pá ealaíontóirí** | Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do phá agus coinníollacha ealaíontóirí a fheabhsú. D’fhoilsíomar beartas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom ealaíontóirí. Tá sé tábhachtach go léann tú an beartas sin sula ndéanann tú d’iarratas. Iarrfar ort, mar chuid den phróiseas iarratais, an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta do na healaíontóirí a oibríonn leat a leagan amach. Cabhróidh sé seo linn indéantacht d’iarratais a mheas. |

## 2.4 Critéar 4: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

Déanfaimid measúnú agus breithniú ar an méid a léiríonn d'iarratas go bhfuil céimeanna dearfacha á nglacadh agat i réimsí an chomhionannais, na héagsúlachta agus an ionchuimsithe (CÉI).

Déanfaimid machnamh ar:

- An méid a léiríonn d’iarratas feasacht agus tuiscint ar shaincheisteanna comhionannais, éagsúlachta agus ionchuimsitheachta (e.g. neamhionannas a aithníodh, easpa ionadaíochta, easpa rochtana) agus conas a bhaineann na saincheisteanna sin le d’eagraíocht agus an obair a dhéanann sibh
- Cáilíocht agus oiriúnacht aon ghníomhaíocht agus tiomantas beartaithe a ndéantar cur síos air chun tacú le d’eagraíocht a bheith níos ionchuimsithí
- Má tá na hacmhainní a leithdháiltear ar aon ghníomhaíocht bheartaithe ábhartha cuí
- Má aithníodh soláthar áirithe chun rochtain ar sheirbhísí a áirithiú[4]
- Má tá fianaise ar úinéireacht agus tiomantas ón mbord (nó a chomhionann) maidir le do phleananna EDI
- An méid a léiríonn an t-iarratas rochtain ar an saineolas, léargas nó tacaíocht phiaraí chuí chun aon bheartas beartaithe a fhorbairt nó gníomhaíochtaí beartaithe a sheachadadh
- Aon rannchuidiú sonrach a dhéanann an eagraíocht leis an éiceolaíocht níos leithne maidir le huaillmhianta na Comhairle Ealaíon don éagsúlacht, comhionannas agus ionchuimsitheacht.
- Beimid ag súil le fianaise a fheiceáil ar thiomantas maidir le dhá sprioc EDI ar a laghad i d’iarratas. Ba cheart go mbainfidís sin le tosaíochtaí d’eagraíochta agus molaimid go

[4] Mar shampla, d’fhéadfaí smaointí nó bearta sonracha maidir le rochtain fhisiciúil le haghaidh ealaíontóirí in ionaid tionóil, ag imeachtaí, etc. nó suíomhanna gréasáin, cláir, fotheidil inrochtana nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann le haghaidh luchtanna féachana a áireamh ann.

ndíríonn tú ar sprioc amháin a dhíríonn ar an eagraíocht go hinmheánach (e.g. forbairt foirne, boird, nó oibrithe deonacha) agus ar cheann amháin a dhíríonn ar nithe seachtracha (e.g. forbairt luchtanna féachana/éisteachta nó comhpháirtíochta). Cinntigh le do thoil go soláthraíonn tú an fhianaise seo nó cinnfear do scór de réir an méid atá san áireamh i d'iarratas.

Faoi 2025, ba cheart go mbeadh plean gníomhaíochta CÉI foilsithe ag na heagraíochtaí ar fad atá á maoiniú faoi Mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon, plean a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus a thacóidh lena mbeartais CÉI fhoilsithe.

**Tabhair faoi deara:** mura bhfuil plean gníomhaíochta CÉI agat atá foilsithe agus atá ar fáil don phobal, bíodh an méid seo a leanas ar eolas agat:

- beidh sé mar choinníoll de do mhaoiniú é seo a chur i bhfeidhm faoin 30 Meitheamh 2025
- Má thairgtear Maoiniú d'Ionaid Ealaíon duit den chéad uair in 2025, beidh ort plean beartais CÉI agus plean gníomhaíochta a bheith i bhfeidhm agat faoin 30 Meitheamh 2025.

Sraith Straitéisí i gcomhair Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta | An Chomhairle Ealaíon

### Costais rochtana

Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon costais rochtana bhreise a bhaineann le bheith ag tacú le healaíontóirí atá faoi mhíchumas.

## Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[5] faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear:

> 'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'

Is féidir leat costais rochtana a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál

[5] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta.

ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu.

**1. Costais rannpháirtí nó rochtana phearsanta**

Ba cheart go mbainfeadh na costais seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin.

Seo a leanas samplaí de thacaíocht, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.

**2. Costais a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine eile - costais rochtana poiblí**

Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid.

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Sampla de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d’imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Úsáid a bhaint as seirbhís tráchtaireachta fuaime
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Mínigh conas a dhéanann tú do chuid oibre insroichte i gcuid 2.5 den fhoirm iarratais — Critéar 4: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht

**Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná an méid a d'iarr mé?**
Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar an mbuiséad athbhreithnithe.

Nílimid ag súil go ndéanfaidh tú aon tacaíocht rochtana a laghdú nó a bhaint chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine eile a chuir tú san áireamh i d'iarratas.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana**
Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana san áireamh i do thogra, ní mór duit

- na costais a thaispeáint i línte ar leith laistigh de do bhuiséad, mar a léirítear i dteimpléid bhuiséid de chuid na Comhairle Ealaíon, atá ar fáil ar an leathanach maoinithe
- Déan cáipéis ghairid a uaslódáil ina leagtar amach na riachtanais rochtana agus na costais a bhaineann leo
- Cuir figiúr na gcostas rochtana san áireamh sa mhéid iomlán atá á iarraidh.

**Tabhair faoi deara:** cé acu an úsáideann tú teimpléid bhuiséad na Comhairle Ealaíon nó do cháipéis bhuiséid féin, ní mór an dá chineál costas rochtana a thaispeáint ar leithligh laistigh de do bhuiséad.

Bheimis ag súil le fianaise a fheiceáil ar thiomantas maidir le dhá sprioc EDI ar a laghad. Ba cheart go mbainfidís sin le tosaíochtaí d’eagraíochta agus molaimid go ndíríonn tú ar sprioc amháin a dhíríonn ar an eagraíocht go hinmheánach (e.g. forbairt foirne, boird, nó oibrithe deonacha) agus ar cheann amháin a dhíríonn ar nithe seachtracha (e.g. forbairt luchtanna féachana nó comhpháirtíochta).

### 2.5 Critéar 5: Tábhacht straitéiseach an Ionaid Ealaíon

Tar éis na hiarratais a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne na gcritéar thuas, déanfaimid na hiarratasóirí a scóráil bunaithe ar a ríthábhachtaí atá siad, dar linn, d'fhorbairt straitéiseach na n-ealaíon.

Beidh an dóigh a ndéanfaimid measúnú air sin ag brath ar an méid seo a leanas:

- Comhthéacsanna na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon ina bhfuil d'eagraíocht ag feidhmiú
- An cineál oibre a dhéanann d’eagraíocht
- An comhthéacs áitiúil agus/nó náisiúnta ina bhfuil d'eagraíocht ag feidhmiú
- Suíomh straitéiseach an ionaid ealaíon sa limistéar áitiúil riaracháin
- An gá atá ann a chinntiú go dtacaíonn an Clár um Maoiniú d’Ionaid Ealaíon de chuid na Comhairle Ealaíon le raon agus cothromaíocht chuí oibre.

Cuirfidh straitéis deich mbliana iomlán na Comhairle Ealaíon, *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh*, mar aon le beartais i dtaobh foirm ealaíne agus cleachtas ealaíon, bonn eolais faoi seo.

### 2.6 Camchuairteanna

Ní mór gach gníomhaíocht, lena n-áirítear camchuairt i rith 2025, a chur san áireamh san iarratas seo.

- **Ní féidir** leat iarratas ar leithligh a dhéanamh ar an Scéim Camchuairteanna Saothair don bhliain 2025
- **Is féidir** leat iarratas a dhéanamh ar an Scéim Camchuairteanna Saothair – Réamhphleanáil le haghaidh camchuairteanna a bheidh ar siúl in 2026.

Má éiríonn le d’iarratas ar ghníomhaíocht chamchuairte, iarrfar ort meabhráin tuisceana sínithe agus buiséid mhionsonraithe a sholáthar freisin lena fhíorú go bhfuil an chamchuairt ar siúl sula scaoilfear leis an sciar sin den mhaoiniú a chuirtear ar fáil.

- Tabhair forbhreathnú ar do chuid pleananna camchuairte ar an bhfoirm iarratais, agus na gníomhaíochtaí sin a liostú ar leithligh mar aon leis na costais ar an teimpléad AAR
- Cuir san áireamh aon fhianaise cháipéisíochta atá agat chun tacú le do phleananna camchuairte mar chuid de d'ábhair tacaíochta.

### 2.7 Conas a chinntear na scóir?

Bainfidh an Chomhairle Ealaíon leas as córas scórála le haghaidh iarratais ar Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon i gcomhair 2025. Is féidir leis an gcóras seo cabhrú leat tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndearnadh an t-iarratas a mheasúnú i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Léiríonn na scóir a mhéid a cheaptar gur chomhlíon d’iarratas gach critéar. Féadfaidh na measúnóirí scór a bhronnadh go dtí an 0.5 is gaire.

Tá aon scór déag féideartha a d'fhéadfaí a úsáid. Seo a leanas iad:

| Scór uimhriúil | Cur síos | Míniú |
|---|---|---|
| 6.0 | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. |
| 5.5 | | Ag barr 'Sármhaith'. |
| 5.0 | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go háititheach agus go rathúil san iarratas. Níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann. |
| 4.5 | | Ag barr "Go hAn-Mhaith". |
| 4.0 | Go hAn-Mhaith | Pléitear na critéir go han-mhaith san iarratas. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| 3.5 | | Ag barr 'Go Maith'. |
| 3.0 | Go maith | Pléitear cuid mhaith de na critéir go maith san iarratas ar an iomlán, ach tá roinnt bearnaí ann. |
| 2.5 | | Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith" |
| 2.0 | Maith go leor | Pléitear na critéir ar bhonn bunúsach, ach tá réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir. |
| 1.5 | Dona go leor | Níor cuireadh dóthain faisnéise mionsonraithe ar fáil san iarratas le bheith in ann measúnú a dhéanamh de réir na gcritéar. |
| 1.0 | Go dona | Ní leor an fhaisnéis a cuireadh ar fáil le bheith in ann measúnú a dhéanamh ar an iarratas i gcoinne na gcritéar. |

**Tabhair faoi deara:** Seans **nach** molfar iarratas i gcomhair maoiniú má fhaightear **1.5** nó níos ísle in aghaidh **aon** chritéir.

Déanfar an scór a bhronntar faoi gach critéar a iolrú ar mhaithe le rátáil chéatadáin a fháil, sa bhealach seo a leanas:

| | Ualú | Céatadán |
|---|---|---|
| Caighdeán ealaíonta agus forbairt | (4.167) | 25.0% |
| Rannpháirtíocht | (4.167) | 25.0% |
| Cumas eagraíochta | (3.333) | 20.0% |
| Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht | (1.667) | 10.0% |

| | | |
|---|---|---|
| Tábhacht Straitéiseach | (3.333) | 20.0% |
| **Iomlán** | | **100.0%** |

Seo léiriú den chuma a bheadh ar thacar iomlán de scóir i dtéarmaí céatadáin:

| | Scór | Ualú | Céatadán % |
|---|---|---|---|
| Caighdeán ealaíonta agus forbairt | 5.5 | (4.167) | 22.9% |
| Rannpháirtíocht | 4.5 | (4.167) | 18.8% |
| Cumas eagraíochta | 5.0 | (3.333) | 16.7% |
| Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht | 4.5 | (1.667) | 7.5% |
| Tábhacht Straitéiseach | 4.0 | (3.333) | 13.3% |
| **Iomlán** | **23.5** | | **79.2%** |

## 2.8 An bhaint atá ag scóir le tairiscintí maoinithe

Cé go mbeidh ról suntasach ag scóir maidir le tairiscintí a dhéanamh, **ní hiad an t-aon toisc amháin iad**. Tiocfaidh méideanna an mhaoinithe a bhronnfar leis an mbuiséad foriomlán atá ar fáil, i gcomhar leis na critéir mar atá mínithe sa chuid seo.

Mar chuid dár bpróiseas leanúnach bainistíochta caidrimh, úsáidfear scóir chun bonn eolais a chur faoi phlé le heagraíochtaí maidir le réimsí ina bhfuil ag éirí go maith leo agus réimsí a d’fhéadfaí a fheabhsú.

## 2.9 Iarratasóirí a n-éireoidh leo: comhaontú maoinithe lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais

Mar atá leagtha amach sna Coinníollacha maidir le Cúnamh Airgeadais dár gcuid, tá leibhéil éagsúla de riachtanais tuairiscithe ag an gComhairle Ealaíon. Tá siad bunaithe ar an méid maoinithe atá á thairiscint agus ar láimhdeachas d'eagraíochta. Má bhronntar Maoiniú d’Ionaid Ealaíon ar d’eagraíocht, beidh oraibh ceanglais mhonatóireachta a chomhlíonadh freisin maidir le lucht féachana agus éisteachta, rannpháirtíocht an phobail, forbairt ealaíontóra agus foirme ealaíne, CÉI, gníomhú ar son na haeráide agus samhail oibriúcháin, de réir thosaíochtaí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear na riachtanais tuairiscithe sin san áireamh mar chuid de do chomhaontú maoinithe a chuirfear chugat. Beidh oraibh comhaontú leo sin sula bhfaighidh sibh maoiniú.

# 3. An dóigh le d'iarratas a dhéanamh

| Is é an spriocdháta i gcomhair na n-iarratas | **5.30pm, Déardaoin an 19 Meán Fómhair 2024** |
|---|---|

Tá **ceithre chuid** i d'iarratas ar Mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon.

- **Achoimre** ar d'eagraíocht agus ar d'airgead, a chomhlánóidh tú ar líne trí úsáid a bhaint as suíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne (OLS) dár gcuid.
- D'**fhoirm iarratais**, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin) agus a uaslódálfaidh tú trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne. **Tabhair faoi deara:** Ní gá do na hiarratasóirí ilbhliantúla an t-iarratas a chur i gcrích ach sa chéad bhliain dá dtimthriall maoinithe a mhairfidh trí bliana.
- Do **theimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR)**, a chomhlánóidh tú as líne agus a uaslódálfaidh tú trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne.
- **Ábhar tacaíochta**, a bhailíonn tú i bhformáid leictreonach as líne agus a uaslódálfaidh tú trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne. Féach cuid **1.5 *Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?*** (thuas).

### 3.1 Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

- Mura ndearna tú iarratas ar mhaoiniú d'Ionaid Ealaíon riamh roimhe seo, déan teagmháil le foireann na nIonad Ealaíon sula dtosóidh tú. Tá teagmhálacha foirne ar ár suíomh gréasáin:
  http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/
- Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/
- Má tá ceist theicniúil agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, seol ríomhphost chuig onlineservices@artscouncil.ie.
- Má tá ceist ghinearálta agat maidir le d'iarratas, déan teagmháil leis an gComhairle Ealaíon

  Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243

  Ríomhphost: Martin.Rochford@artscouncil.ie

- Má tá tú faoi mhíchumas agus má tá deacracht agat suíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a rochtain nó a úsáid, déan teagmháil le Vanessa Carswell, Oifigeach Rochtana na Comhairle Ealaíon, a luaithe agus is féidir chun ligean dúinn tacaíocht a shocrú.

  Guthán: 01 618 0200 nó 087 169 1155

  Ríomhphost: access@artscouncil.ie

## 3.2 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

**Ní mór** gach iarratas a dhéanamh trí shuíomh gréasáin Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon. **Ní ghlacfar** le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs ná ar ríomhphost).

**Ní mór** go mbeadh cuntas Seirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú d’Ionaid Ealaíon. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm cláraithe a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge

Laistigh de cúig lá oibre gheobhaidh tú ríomhphost ina mbeidh do ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal a bheidh tú in ann a úsáid chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Tabhair faoi deara:** beidh ort ríomhaire nó ríomhaire glúine a úsáid chun d’iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| Ríomhaire | • Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g.. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| Mac | • Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g.. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:**ní mór go mbeidh Microsoft Word (Deasc) nó OpenOffice Writer suiteáilte freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: https://www.openoffice.org.

**Úsáideoirí OpenOffice**
Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo.

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

**Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac**

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

**Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú**

Téigh i dtaithí ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne **tamall maith** roimh an spriocdháta agus sula dtosaíonn tú ag ullmhú d'iarratais.

Cinntigh go mbeidh go leor ama agat chun d'iarratas a uaslódáil. Ná dearmad go bhféadfadh an t-am uaslódála bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála; mar sin d'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos mó ama ná mar a cheapann tú d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

Tacaíocht theicniúil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, déan teagmháil linn.

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200/01 6180243

Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn **tamall maith roimh** an spriocdháta.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta.
B'fhéidir nach réiteofaí glaonna maidir le tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.00pm** ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta.

## 3.3 Déan an fhoirm iarratais agus an teimpléad AAR a íoslódáil

1. Logáil isteach ar Sheirbhísí ar Líne.

2. Ar do leathanach baile, cliceáil ar an gcnaipe ‘**Déan iarratas’**.
3. Ar an scáileán ‘Déan d‘iarratas’, roghnaigh príomhtheagmhálaí d’eagraíochta don iarratas seo agus cliceáil **Ar aghaidh**. Ba cheart go dtaispeánfaí an scáileán ‘1. Déan iarratas: Tiocfaidh ‘Roghnaigh clár maoinithe’ i láthair.
4. I gcuid A, déan dhá rud.
    a. Ón liosta aníos 'Maoiniú', roghnaigh do chlár maoinithe.
    b. Sa réimse ‘Do thagairt’, clóscríobh tagairt uathúil le haghaidh d’iarratais. Cuideoidh sin leat d’iarratas a aithint ar do leathanach baile.
5. I gcuid B, cliceáil na cnaipí chun na nótaí treorach, an fhoirm iarratais agus an teimpléad AAR a íoslódáil[6].

Sula leanann tú leis an iarratas a dhéanamh ar líne:

- Líon isteach d'fhoirm iarratais
- Líon isteach do theimpléad AAR
- Ullmhaigh agus bailigh d’ábhar tacaíochta ar do ríomhaire.

Chun d'fhoirm iarratais agus do theimpléad AAR a chomhlánú, **caithfidh** na bogearraí cearta a bheith agat.

- Microsoft Word (Ríomhaire Deisce) agus Microsoft Excel **nó**
- OpenOffice Writer agus OpenOffice Calc; is féidir iad sin a íoslódáil ar http://www.openoffice.org

Cuimhnigh, comhlánóidh tú an fhoirm iarratais agus an teimpléad AAR ar do ríomhaire agus ansin uaslódálfaidh tú iad in éineacht le d'ábhar tacaíochta trí na Seirbhísí ar Líne.

### 3.4 Líon isteach an fhoirm iarratais

**Nóta maidir le huasmhéid carachtar agus focal:** beidh na freagraí a thabharfaidh tú ar gach ceist srianta de bharr uasmhéid carachtar (spásanna san áireamh). Tá sé inghlactha freagraí níos lú ná an t-uasmhéid a scríobh má chuir tú na pointí is gá sa fhreagra.

Cuimsigh an fhaisnéis a liostaítear anseo i d’iarratas.

| ***Cuid*** | An fhaisnéis nach mór duit a chuimsiú |
|---|---|
| **1. D’eagraíocht** | Sa chuid seo, cuir sonraí ar fáil maidir le:<br>• Ainm agus ARN na heagraíochta |

| | |
|---|---|
| | • Stádas dlíthiúil<br>• Achoimre ar mhisean agus ar bheartas ealaíonta d'eagraíochta arna bhfaomhadh ag do bhord stiúrthóirí/údarás áitiúil/Bord Oideachais agus Oiliúna. |
| **2. D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe** | Iarrtar ort sa chuid seo freagairt do na critéir mheasúnaithe trí fhreagra a thabhairt ar shraith ceisteanna.<br>Tabhair faoi deara – tabharfaidh tú sonraí maidir le do chlár beartaithe laistigh den teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon, **nó sa cháipéis tacaíochta téacs a chuireann tú isteach.**<br>**2.1 Critéar 1: Caighdeán ealaíonta agus forbairt na n-ealaíon**<br>2.1.1 Chun caighdeán ealaíonta a chinntiú, d'fhéadfá tagairt a dhéanamh don chaoi a roghnaíonn tú obair, na comhpháirtíochtaí a choinníonn tú, na líonraí, acmhainní a dhíriú ar réimsí aonair, etc.<br>2.1.2 Tagraíonn seo do ghníomhaíochtaí a thacaíonn le healaíontóirí agus a bhfuil ról acu in obair na n-ealaíontóirí a dhéanamh - e.g. coimisiúin, cónaitheachtaí, comhléiriú, tacaíocht léirithe, máistir-ranganna, comhroinnt acmhainní, camchuairteanna, ensembles na n-óg, etc.<br>2.1.3 Tabhair eolas, le do thoil, ar phleananna ar bith atá ag d'eagraíocht le tabhairt faoi chamchuairteanna náisiúnta nó scaipeadh saothair in 2025. Mura bhfuil sé ar intinn agat gníomhaíochtaí camchuairte a dhéanamh, scríobh N/B.<br>**2.2 Critéar 2: Rannpháirtíocht**<br>2.2.1 Leag amach do chuspóirí le haghaidh rannpháirtíochta in 2025, idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí leo seo: smaointe atá á gcur i bhfeidhm agat chun teacht ar lucht féachana nua, chun caighdeáin a fheabhsú, éagsúlacht páirtithe leasmhara a mhéadú nó díolacháin dhigiteacha a fhorbairt. Ceangail na spriocanna cainníochtúla leis na figiúirí a chuir tú isteach san AAR le haghaidh 2025, agus (nuair is cuí) le haghaidh 2024. Ba cheart go mbeifí in ann na spriocanna cáilíochtúla a mheas.<br>2.2.2 Déan cur síos ar na critéir a úsáideann tú chun éifeachtúlacht do straitéisí rannpháirtíochta a mheas, amhail:<br>• Figiúirí díolacháin<br>• Rannpháirtíochtaí digiteacha<br>• Suirbhéanna a dhéanamh ar na daoine a fhreastalaíonn orthu go rialta |

- Aiseolas ón lucht féachana/ó na healaíontóirí a n-oibríonn tú leo
- Taighde

Nuair is cuí, déan tagairt do do phlean forbartha lucht féachana, má tá ceann agat

**2.3 Leanaí agus daoine óga**

2.3.1 Má scríobhann tú 'Tá' in aghaidh chur síos 1 nó 2, déanfaidh foireann DÓLO measúnú ar do chur chuige maidir le bheith ag obair le leanaí agus le daoine óga, agus sa chás sin, ní mór duit codanna 2.3.2, 2.3.3 agus 2.3.4 a chomhlánú. Má scríobhann tú 'Tá' in aghaidh aon cheann de na cuir síos eile, ná comhlánaigh 2.3.2 agus 2.3.3.

2.3.2 Tabhair sonraí faoi do chur chuige maidir le deiseanna a chur ar fáil do pháistí le bheith rannpháirteach sna healaíona. Céard í an teist go dtí seo agus na tacair sainscileanna atá laistigh den eagraíocht? Céard iad na cineálacha scileanna agus eispéireas a shamhlaítear leis na gníomhaíochtaí, agus na hacmhainní a chuireann tú ar fáil faoi láthair – ealaíontóirí fostaithe, spásanna atá ar fáil chun ealaín a dhéanamh, srl. An mbeidh aon rud difriúil faoi do chur chuige in 2025?

2.3.3 Tabhair sonraí faoi na córais/gníomhaíochtaí a úsáideann tú faoi láthair chun guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga i bhforbairt do chláir – e.g. 'laethanta glactha seilbhe', fóram criticeoirí óga, cláreagrú do dhaoine óga, uirlisí aiseolais ar líne, srl. Nuair is cuí, déan tagairt do na cinn atá ar aon dul le Seicliosta maidir le Spásanna Laethúla de chuid Hub na nÓg. An mbeidh aon rud difriúil faoi do chur chuige in 2025?

**2.4 Critéar 3: Cumas eagraíochta**

2.4.1 Liostaigh na baill den bhord stiúrthóirí nó den bhord rialaithe, an réimse saineolais atá acu, cathain a ceapadh den chéad uair iad, agus a dtéarmaí reatha oifige. D'fhéadfadh sé margaíocht, airgeadas, forbairt dhlíthiúil straitéiseach nó cleachtas ealaíon faoi leith a bheith i gceist le **réimsí saineolais**.

2.4.2 Sa chuid seo, tugtar sonraí faoi d'fhoireann.

**Príomhbhaill foirne:** baill foirne iad seo a fhaigheann tuarastal agus a phléann le cúrsaí riaracháin/bainistíochta agus gníomhaíochtaí ealaíon a chur i láthair.

**Tabhair faoi deara:** is é deichniúr an líon is mó ball foirne a cheadaítear ar an bhfhoirm. I gcás eagraíochtaí níos mó, má tá breis is deichniúr ball foirne agat is féidir leat catagóirí foirne a

ghrúpáil lena chéile – m.sh. riarachán, airgeadas, margaíocht, fáilteachas etc. I gcásanna dá leithéid, tabhair luach iomlán na dtuarastal don ghrúpa sin.

2.4.3 Cén polasaí agus cur chuige atá agat i dtaobh luach saothair agus téarmaí rannpháirtíochta d’ealaíontóirí agus saorghairmithe eile? Cuir sonraí faoi conas a shocraíonn tú pá agus coinníollacha agus faoin gcaoi a dtéann tú i mbun plé le healaíontóirí maidir le téarmaí rannpháirtíochta. Má rinne tú aon athrú le déanaí ar do chleachtais nó má tá sé ar intinn agat cleachtais nua a chur i bhfeidhm in 2025, inis dúinn faoi anseo.

2.4.4 Seo an áit a dtugann tú sonraí faoi straitéisí chun cúrsaí airgeadais a bhainistiú – an córas cuntasaíochta agus párolla, nósanna imeachta rialaithe airgeadais, próisis leis an mbord/comhlacht rialaithe maidir le buiséadú agus tuairisciú bliantúil, etc.

2.4.5a Liostaigh aon spás – seachas spásanna i d’fhoirgneamh/d’fhoirgnimh féin – a úsáideann tú go minic chun saothar ealaíne a chruthú, a fhorbairt agus/nó a chur i láthair agus an socrú lena dtugtar rochtain duit ar na spásanna. D’fhéadfadh sé go mbeadh na cineálacha socruithe seo a leanas i gceist:

- Cíos tráchtála
- Cíos fóirdheonaithe/ón údaráis áitiúil
- Spásanna atá á mbainistiú agat
- Spásanna a choimeádann tú

2.4.5b Déan cur síos ar na hacmhainní fisiciúla atá ar fáil d’ealaíontóirí chun saothar ealaíne a chruthú, a fhorbairt agus a chur i láthair – e.g. spásanna ceardlainne, stiúideonna, deasca teo, etc. Cuir áiseanna i d'fhoirgneamh féin, chomh maith leo siúd atá lasmuigh den láthair san áireamh.

**2.5 Critéar 4: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht**

Déan cur síos ar na céimeanna dearfacha atá á nglacadh agat le comhionannas rochtana, deise agus torthaí a chinntiú dóibh siúd a n-oibríonn tú leo agus sna seirbhísí a sheachadann tú. Nuair is cuí, déan tagairt do na beartais agus do na pleananna reatha a chuir tú san áireamh i d’iarratas, chomh maith leis na hacmhainní tiomanta agus cláreagrú rialta, úinéireacht an bhoird (nó a choibhéis) ar phleananna agus a thiomantas dóibh, agus saineolas ábhartha a úsáidtear chun beartais agus cleachtais a fhorbairt nó chun gníomhaíochtaí pleanáilte a sheachadadh.

| | |
|---|---|
| **3. Faisnéis Airgeadais** | Cuirfidh tú faisnéis mhionsonraithe airgeadais ar fáil sa teimpléad AAR agus i d'ábhar tacaíochta, agus ní ar an bhfoirm iarratais.<br>Féach freisin an chuid ar ‘Ábhar tacaíochta éigeantach’.<br>Lena chois sin, i dtrí chás, beidh ort cuid 3 den fhoirm iarratais a chomhlánú freisin.<br>• Má tá tú ag súil le barrachas nó easnamh ag deireadh na bliana reatha, ní mór duit míniú a thabhairt ar an dóigh a bhfuil sé beartaithe agat déileáil leis.<br>• Má tá tú ag súil le go mbeidh costais eisceachtúla nó foinsí eisceachtúla maoinithe ar bith ann le linn an dá mhí dhéag idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2024, beidh ort sonraí a thabhairt fúthu.<br>• Má tá méadú ar mhaoiniú á lorg agat le haghaidh 2024, ní mór duit réasúnaíocht agus achoimre ar an ngníomhaíocht agus aon torthaí gaolmhara a sholáthar. Má tá an t-iarratas nasctha le costas aonuaire, léirigh é sin go soiléir mar chuid de do ráiteas agus cinntigh go ndéantar cur síos ar an ngníomhaíocht mar ghníomhaíocht ar leith sa AAR.<br>Breithneofar do scéal i gcomhthéacs na gcúig chritéar measúnaithe, mar aon leis an bhfaisnéis eile a chuireann tú ar fáil mar chuid de d'iarratas. |
| **4. Dearbhú** | **Ní mór** don chathaoirleach agus comhalta boird nó feidhmeannach sinsearach amháin eile a n-ainmneacha a chur leis an iarratas agus a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis go léir a thugtar ann fíor, iomlán agus cruinn. |

## 3.5 Comhlánaigh an teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR)

Scarbhileog is ea an teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon (AAR) ina ngabhtar d'fhigiúirí mionsonraithe airgeadais, lucht féachana agus foirne, chomh maith le faisnéis achomair faoin obair a rinne tú in 2024, agus faoin obair a bheartaíonn tú a dhéanamh in 2025.

Tugadh an próiseas AAR isteach ar thrí chúis:

1. Mar chuid dár dtiomantas feabhas a chur ar an monatóireacht ar thorthaí agus ar thionchar ár n-infheistíochtaí mar uirlis le haghaidh abhcóideachta, comhairle, forbairt beartais agus déanamh cásanna.

2. Mar mhodh chun obair na n-iarratasóirí a mheasúnú agus a rianú ar bhealach comhsheasmhach córasach.
3. A bheith mar bhunús le comhaontuithe maoinithe le heagraíochtaí ealaíon.

Tá dhá bhileog oibre laistigh den teimpléad AAR. Má tá Maoiniú d'Ionaid Ealaíon á fháil agat faoi láthair, **ní mór** duit bileog oibre 2024 agus bileog oibre 2025 **araon** a chomhlánú.

Ní gá d'iarratasóirí nua ach bileog oibre 2025 a chomhlánú.

Mura gcomhlánaíonn tú na bileoga oibre ábhartha ar fad, is féidir nach mbeidh do AAR bailí agus b'fhéidir nach mbeimid in ann d'iarratas a mheas.

**Ní mór duit do theimpléad AAR a uaslódáil mar chomhad Microsoft Excel nó OpenOffice Calc. Ná hathraigh go comhad pdf é.**

Is ann do chúnamh aníos sa teimpléad AAR a thugann treoracha duit chun é a chomhlánú.

**Ba cheart duit an teimpléad AAR a chomhlánú mar a leanas:**

| CUID 1 | PRÍOMHCHAITEACHAS AGUS IONCAM |
|---|---|
| **Príomhchaiteachas (tugtar forchostais, costais sheasta, costais oibriúcháin agus costais indíreacha air fosta)** | Is ionann é seo agus caiteachas ar bith **nach mór** a íoc, beag beann ar an líon nó ar na cineálacha gníomhaíochtaí a bheartaíonn d'eagraíocht tabhairt fúthu.<br>• Seo a leanas dornán samplaí: costais tuarastail bhuana (lánaimseartha nó páirtaimseartha); cíos; morgáiste; fóntais; cothabháil agus deisiúcháin; riarachán oifige; post; guthán; táillí bainc; cuntasaíocht; árachas, etc.<br>• **D'fhéadfadh** an méid seo a leanas a bheith i gceist leis freisin: costais tiomsaithe airgid nó costais forbartha i gcás go bhfuil an t-ioncam sin á lorg chun críocha ginearálta agus ní le haghaidh gníomhaíocht ar leith; costais ghinearálta mhargaíochta/chaidrimh phoiblí (arís, ní le haghaidh gníomhaíocht ar leith); costais leanúnacha díolachán, mar shampla díolacháin bheáir/mharsantachta, etc. |
| **Ioncam nach mbaineann go díreach leis an ngníomhaíocht** | Is ioncam é seo nach dtagann go díreach ó ghníomhaíochtaí ar leith, nó nach mbaineann go díreach le gníomhaíochtaí ar leith.<br>• Seo a leanas dornán samplaí: ioncam deontais an údaráis áitiúil nach n-úsáidtear go díreach in aghaidh gníomhaíocht ar leith; ioncam ó urraíocht/ó thiomsú airgid nach bhfuil dírithe ar ghníomhaíocht ar leith; ioncam ó chíos (ní chuirtear ioncam ó ghníomhaíochtaí tráchtála ealaíon san áireamh) nó ioncam ó tháillí le haghaidh seirbhísí arna soláthar. |
| **Coibhéis lánaimseartha (WTE) – ealaíontóirí** | Is é is ciall leis seo foireann bhuan a bhfuil ról ealaíne acu go príomha.<br>Ciallaíonn coibhéis lánaimseartha cé acu atá fostaí |

| | |
|---|---|
| | lánaimseartha nó páirtaimseartha. Maidir le duine atá fostaithe ar bhonn lánaimseartha, nó cúig lá sa tseachtain, tá WTE 1 ag baint leis. Maidir le duine arna fhostú ar bhonn leath-ama, nó 2.5 lá sa tseachtain, tá WTE 0.5 ag baint leis. Maidir le duine a oibríonn dhá lá sa tseachtain, tá WTE 0.4 ag baint leis. |
| **Coibhéis lánaimseartha (WTE) – daoine nach ealaíontóirí iad** | Is é is ciall leis seo foireann bhuan a bhfuil ról neamhealaíne acu go príomha – e.g., lucht bainistíochta, riarachán, airgeadas, etc. |
| **An méid daoine sa Scéim Fostaíochta Pobail** | An méid daoine atá fostaithe tríd an Scéim Fostaíochta Pobail nó trí scéim eile. |

| **CUID 2** | **SONRAÍ FAOIN nGNÍOMHAÍOCHT** |
|---|---|
| | Tabhair sonraí anseo faoi do ghníomhaíochtaí le haghaidh 2024 agus 2025.<br><br>**Tabhair faoi deara:** ní féidir níos mó ná fiche gníomhaíocht a chur sa teimpléad AAR. Toisc nach gá sonraí a thabhairt maidir le gach imeacht, grúpáil do ghníomhaíochtaí beartaithe de réir an chineáil cláir nó ar bhealach a léiríonn obair d'eagraíochta.<br><br>D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna samplaí:<br><br>• Clár faighte – amharclannaíocht<br>• Clár faighte – ceol<br>• Léiriúcháin intí<br>• Taispeántais<br>• Comhléiriúcháin<br>• Gníomhaíochtaí camchuairte<br>• Cónaitheachtaí d'Ealaíontóirí<br>• Coimisiúin<br>• Gníomhaíochtaí/tacaíochtaí forbartha gairmiúla<br>• Clár foghlama cruthaithí/rannpháirtíocht sna healaíona<br>• Is féidir gníomhaíochtaí tráchtála, ealaíon áitiúla, coiméide, etc. a chur ar aon líne amháin<br><br>**Tabhair faoi deara: Maidir le luchtanna féachana/éisteachta craolacháin/digiteacha:** sa chás go bhfuil lucht féachana/éisteachta beo agus lucht féachana/éisteachta craolta/digiteach ag do ghníomhaíocht nó d'imeacht, cuir na líonta sin ar fáil **ar leithligh** agus liostáil an ghníomhaíocht faoi dhó. |

| CUID 2.1 | SONRAÍ FAOIN NGNÍOMHAÍOCHT |
|---|---|
| A. Ainm na gníomhaíochta | Ainmnigh na gníomhaíochtaí i gcomhréir leis an bhformáid a thugtar sa sampla thuas, le do thoil. |
| B. Cur síos | Ní mór duit an t-eolas seo a chur ar fáil i **gcáipéis téacs tacaíochta.** Liostaigh, le do thoil, na gníomhaíochtaí i do cháipéis tacaíochta ach úsáid a bhaint as an uimhir líne chéanna sa ARR mar thagairt.<br><br>Cuir dóthain sonraí ar fáil san AAR lena chur ar chumas na measúnóirí an ghníomhaíocht ar gach líne a cheangal den chur síos ábhartha sa cháipéis téacs tacaíochta. Bí chomh beacht agus is féidir, áfach.<br>Mar shampla:<br>a. Bhí/beidh dhá cheolchoirm déag ina mbeidh Ceolfhoireann xx, Banna xx agus eile de chaighdeán chomhchosúil páirteach mar chuid dár gclár faighte ceoil.<br>b. Léiriúchán intí den Dráma XX - féach ar an mbuiséad breise agus an cur síos sa cháipéisíocht tacaíochta.<br>c. Coimisiún le haghaidh ealaíontóir XX i réimse an rince - féach ar an gcáipéisíocht tacaíochta agus ar an mbuiséad.<br>d. Cónaitheachtaí d'ealaíontóirí a thairgtear mar thoradh ar ghairm oscailte dá gcuirimid stipinn/spás/acmhainní eile ar fáil ina dtaobh.<br>**Moltar duit comhairle a fháil ón gComhairle Ealaíon maidir le leagan amach agus ábhar na coda seo, agus freastal ar aon chlinic maoinithe a chuirfear ar fáil níos giorra don am.** |
| C. An phríomhfhoirm ealaíne sa ghníomhaíocht | Roghnaigh an fhoirm ealaíne **phríomhúil** nó an phríomhfhoirm ealaíne don ghníomhaíocht ón roghchlár anuas (nó roghnaigh 'Níos mó ná foirm ealaíne amháin' má bhíonn níos mó ná foirm ealaíne amháin i gceist). |
| D. Cineál gníomhaíochta | Roghnaigh an cineál gníomhaíochta ón roghchlár anuas a thugann **an léiriú is fearr** ar an ngníomhaíocht atá á déanamh agat. Is iad sin:<br>• **Imeacht nó taibhiú a dteastaíonn ticéid ina leith:** taibhiú a ndíoltar nó a ndáiltear ticéid lena aghaidh (lena n-áirítear imeacht saor in aisce má tá próiseas áirithinte ann)<br>• **Imeacht nó taibhiú nach dteastaíonn ticéid ina leith** taibhiú nó imeacht nach ndíoltar ticéid lena aghaidh, nó nach bhfuil aon phróiseas áirithinte i gceist leis – e.g., taibhiú sráide nó imeacht eile amuigh faoin spéir<br>• **Taispeántas:** taispeántas saothar ealaíne, go hiondúil i gcomhthéacs dánlann amharc-ealaíon, ach d'fhéadfadh |

sé a bheith mar chuid de dhoiciméadúchán an tsaothair freisin – e.g. taispeántas ar ghrianghrafadóireacht damhsa

- **Leabhar/foilseachán:** leabhar, e.g. úrscéal nó cnuasach filíochta – nó foilseachán – e.g. tréimhseachán nó irisleabhar, bíodh sé i bhfoirm fhisiciúil nó ar líne
- **Saothar a chraoladh/a scaipeadh ar líne nó go digiteach**: saothar a chraoladh nó a scaipeadh ar líne nó go digiteach – e.g. taibhiú ceoil, saothar ealaíne ar líne, iris nó irisleabhar a fhoilsiú ar líne
- **Táirgeadh/dáileadh déantáin eile:** e.g. cruthú sraith priontaí, nó nithe ealaíne eile a d'fhéadfaí a dhíol nó a dháileadh ar shlí eile
- **Gníomhaíocht rannpháirtíochta nó for-rochtana:** gníomhaíocht ar bith ina mbíonn daoine bainteach le táirgeadh ealaíne trí rud éigin a dhéanamh nó a chruthú, ina gcuireann daoine smaointe le saothar ealaíne beag beann ar a leibhéal scile, nó ina *nglacann daoine páirt* i gceardlanna nó i ngníomhaíochtaí eile dá samhail
- **Gníomhaíocht forbartha saothair nua:** Gníomhaíocht a bhfuil sé mar chuspóir léi saothar nua a fhorbairt – e.g. an próiseas amharclannaíochta le haghaidh dráma nua, an próiseas eagarthóireachta le haghaidh leabhair nua, etc.
- **Taighde/cartlannú/digitiú:** Gníomhaíocht ar bith arb é a príomhchuspóir taighde a dhéanamh nó ábhair a bhaineann le cleachtais ealaíon a chartlannú nó a dhigitiú
- **Gníomhaíocht atá dírithe ar an ealaíontóir:** gníomhaíocht ar bith, mar shampla tionscnamh forbartha, gníomhaíocht um chomhroinnt acmhainní, oiliúint, meantóireacht, soláthar seirbhíse nó gníomhaíocht eile, atá dírithe ar ealaíontóirí agus/nó gairmithe ealaíon.

| | |
|---|---|
| **E. Príomhsprioc na gníomhaíochta** | Roghnaigh an phríomhsprioc ón roghchlár anuas a thugann **an léiriú is fearr** ar spriocghrúpa na gníomhaíochta atá á déanamh agat. Is iad sin:<br>• **Lucht féachana ginearálta** (iad seo a leanas den chuid is mó, ach ní iadsan amháin: daoine fásta a bhíonn i láthair agus a bhíonn rannpháirteach as a stuaim féin, ní mar chuid de ghrúpa spriocdhírithe nó pobal comhspéise)<br>• **Teaghlaigh** (saothar atá dírithe ar thuismitheoirí/ar chaomhnóirí agus ar leanaí araon)<br>• **Leanaí suas go dtí 15 bliana d'aois** (iadsan a bhíonn i láthair in éineacht le grúpa scoile nó grúpa eagraithe eile go hiondúil, nó a dtugann a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí leo iad, ach a bhfuil an saothar dírithe orthusan amháin)<br>• **Daoine óga idir 16 agus 24 bliain d'aois** (mar shampla, scoláirí na hArdteistiméireachta, mic léinn coláiste, grúpaí óige eile)<br>• **Pobail áirithe** (grúpaí nó pobail lena mbaineann tréith dhéimeagrafach ar leith) – e.g.<br>  ○ Daoine faoi mhíchumas<br>  ○ Daoine breacaosta<br>  ○ Daoine i bpobail mhionlaigh<br>  ○ Pobail tuaithe scoite<br>  ○ Daoine ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos ísle (de réir aicme shóisialta, oideachais, ioncaim)<br>• **Ealaíontóirí nó gairmithe ealaíon atá ag cleachtadh a ngairme** (e.g. más eagraíocht acmhainne thú atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil). |
| **CUID 2.2** | **SONRAÍ AIRGEADAIS** |
| **F. Costas iomlán na gníomhaíochta** | An costas díreach iomlán do d'eagraíocht as an ngníomhaíocht a dhéanamh. **Ná luaigh** na costais foirne lánaimseartha ná príomhchostais eile le gníomhaíochtaí. |
| **G. Ioncam tuillte** | Ioncam ar bith a thuilltear ó dhíolacháin ticéad, ón díoloifig, nó ó dhíolacháin leabhar nó déantán eile. Maidir le gníomhaíochtaí camchuairte, cuimseofar leis seo dearbhuithe ó ionad/ó pháirtithe ealaíon eile. |
| **H. Ioncam ó fhoinsí eile** | Ioncam ar bith ó fhoinsí seachas díolacháin – e.g. urraíocht, tiomsú airgid nó ioncam deontais le haghaidh na gníomhaíochta ó fhoinsí seachas clár Maoinithe an Ionaid Ealaíon. |
| **I. Toradh/fóirdheontas** | Suim a ríomhfar go huathoibríoch; is ionann í agus an difríocht idir costas na gníomhaíochta agus aon ioncam |

| | |
|---|---|
| **a theastaíonn** | ina coinne.<br>**Tabhair faoi deara:** i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam iomlán ó ghníomhaíocht a bheith níos mó ná an costas iomlán. Ní fadhb ar bith é sin. Is é an aidhm atá againne léargas ginearálta a fháil ar do chuid gníomhaíochtaí beartaithe, agus ar na costais agus an t-ioncam a bhaineann leo. |
| **CUID 2.3** | **MÉID LUCHT FÉACHANA/RANNPHÁIRTÍOCHTA/FOSTAÍOCHTA/IMEACHTAÍ** |
| **J. Méid lucht féachana/rannpháirtíochta – ag íoc**<br><br>**K. Líon an lucht féachana/rannpháirtíochta – saor in aisce** | Ar mhaithe le bailiú sonraí, tá ceithre bhrí le 'Rannpháirtíocht':<br>1. **Lucht féachana**, léitheoirí, éisteoirí, breathnóirí, lucht freastail, cuairteoirí, nó daoine eile *a bhíonn ag plé* le healaín agus imeachtaí ealaíon (e.g. ceadail, ceolchoirmeacha, drámaí, taibhithe damhsa, taispeántais ealaíne, litríocht, etc.)<br>2. Daoine as an bpobal ***a bhíonn páirteach*** i dtáirgeadh nó i gcruthú ealaíne, nó a bhíonn páirteach i gceardlanna, i ranganna nó in imeachtaí ealaíon (e.g. plé tar éis seónna, Ceisteanna agus Freagraí poiblí). Má bhíonn clár ranganna ar siúl go rialta, tabhair meánlíon na ndaoine a fhreastalaíonn ar gach rang.<br>3. Daoine ***a oibríonn go deonach*** ar imeacht nó ***a oibríonn go deonach*** ag imeacht – e.g. féile ealaíon, nó mar fhoireann fáilteachais in ionad ealaíon áitiúil. **Tabhair faoi deara:** ní hionann é seo agus rannpháirtithe in imeachtaí ealaíon, ina mbítear páirteach go gníomhach i gcruthú, i dtáirgeadh nó i gcur i láthair saothair.<br>4. Ealaíontóirí, gairmithe ealaíon agus/nó cleachtóirí eile ***a ghlacann páirt*** i gceardlanna, i ranganna, nó i ngníomhaíocht forbartha eile.<br>I ngach ceann de na cásanna thuas, tá/níl daoine ag íoc chun freastal ar an ealaín/chun plé leis an ealaín. **<u>Níl íocaíocht á fáil acu.</u>**<br>Le tuilleadh sonraí a fháil faoin dóigh a bhféadfaí líon an lucht féachana a chur i dtoll a chéile agus tuairisc a thabhairt air, féach ar http://www.artscouncil.ie/ga/na-healaiona-in-eirinn/forbairt-straiteiseach/Rannphairtiocht-an-phobail/ |
| **L. An méid ealaíontóirí atá fostaithe** | Líon na n-ealaíontóirí ar conradh nó faoi choimisiún atá á bhfostú **agat go díreach** chun gníomhaíocht a chur i gcrích – ní áirítear leis seo ealaíontóirí a n-íocann comhléiritheoir iad. Léirigh an uimhir mar fhigiúr aonair, is cuma cé chomh fada agus atá gach duine fostaithe. Mar sin, má tá aisteoir á fhostú agat thar ocht seachtaine deirtear go bhfuil ‘1’ duine fostaithe agat le haghaidh gníomhaíocht ar leith. Ar an gcaoi chéanna, má tá coimeádaí á fhostú agat thar sé mhí deirtear go |

| | |
|---|---|
| | bhfuil '1' duine fostaithe agat le haghaidh gníomhaíocht ar leith. **Tabhair faoi deara:** má tá saothar á óstáil agat agus más rud é nach bhfuil aon bhaint agat leis na healaíontóirí a fhostú, fág an chuid seo glan. |
| **M. An méid daoine eile atá fostaithe** | Gairmithe atá fostaithe go díreach chun gníomhaíocht a chur i gcrích agus nach mbaineann a ról leis na healaíona – e.g. pearsanra riaracháin nó teicniúil, éascaitheoirí, gairmithe margaíochta nó airgeadais. |
| **N. An méid taibhithe/nithe/ imeachtaí /laethanta a bhítear ar oscailt** | Cabhraíonn sé seo linn tuiscint a fháil ar an méid deiseanna atá ag spriocthairbhithe do ghníomhaíochtaí beartaithe chun dul i ngleic le gach gníomhaíocht. Is é seo an méid léirithe aonair ar dhráma nó ar phíosa damhsa; an méid leabhar a chuirtear i gcló; an méid nithe ealaíne a chruthaítear; nó an méid ceardlann, ranganna nó imeachtaí eile a chuirtear ar siúl. I gcás na n-amharcealaíon, ciallaíonn sé méid na laethanta a bhfuil taispeántais ar siúl lena linn i gcaitheamh na bliana |

**Nóta maidir le costais a lua**

Le gur féidir linn sonraí a bhailiú go comhsheasmhach, **ná** luaigh aon cheann de do phríomhchostais le gníomhaíochtaí – e.g. na costais tuarastail a bhaineann le bainisteoir clár lánaimseartha. Toisc gur ball foirne lánaimseartha buan é/í, déan taifead ar a t(h)uarastal mar **phríomhchostas**, cé go bpléann sé/sí le maoirsiú agus soláthar clár gníomhaíochtaí den chuid is mó.

Is féidir leat costais a lua le gníomhaíocht nuair a bhaineann siad go sonrach leis an ngníomhaíocht sin amháin - e.g. feachtas póstaer a dtugtar faoi d'imeacht sonrach ar leith.

## 3.6 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Féach cuid **1.5 Cén t-ábhar tacaíochta atá de dhíth chun iarratas a dhéanamh?**

**Ní mór** duit ábhar tacaíochta a uaslódáil le d'iarratas agus do thuairisc airgeadais. Mura n-uaslódálann tú ábhar tacaíochta, beidh d'iarratas neamhiomlán agus ní féidir linn measúnú a dhéanamh air.

Má tá ábhar tacaíochta agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ba cheart duit é a scanadh le go mbeidh tú ábalta é a uaslódáil.

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

**Na formáidí comhaid a nglactar leo**

Is iad seo a leanas na formáidí comhaid a nglactar leo le haghaidh d'ábhair thacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| téacschomhaid | rtf, doc, docx, txt |
| comhaid íomhá | jpg, gif, tiff, png |
| comhaid fuaime | wav, mp3, m4a |
| comhaid físe | avi, mov, mp4 |
| scarbhileoga | xls, xlsx |
| Comhaid Adobe Acrobat Reader | Pdf |

**Tabhair faoi deara:** má tá d’fhoirm iarratais curtha i gcrích agat mar chomhad **.docx,** agus má tá tú muiníneach go bhfuil d’fhoirm iarratais comhlánaithe i gceart agat (lena n-áirítear clóscríobh laistigh de na réimsí liatha) ach go léiríonn na seirbhísí ar líne teachtaireacht a deir nach féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

### Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách, amhail CVanna agus litreacha tacaíochta srl. a uaslódáil mar dhoiciméid aonair le d'iarratas.

In áit d’ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d’ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word (Deisce) nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin.

Is samplaí áirithe d’ardáin chomhroinnte inghlactha iad, ach gan a bheith teoranta dóibh, YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Ná marcáil d’ábhar mar ‘príobháideach’ mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socruithe ar d’fhíseán go ‘neamhliostaithe’ más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

**Tabhair faoi deara:** Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa doiciméad **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d'ábhar agus breathnú air.

### 3.7 Athbhreithnigh an seicliosta don iarratas

Bain úsáid as an seicliosta seo chun súil a chaitheamh siar ar d'iarratas. Má tá na nithe ar fad ar an seicliosta agat, tá tú réidh le d'iarratas a uaslódáil agus a chur isteach.

**Míreanna atá éigeantach i gcás gach iarratais**

Má tá Maoiniú d'Ionaid Ealaíon á fháil agat faoi láthair, ba cheart go mbeadh do theimpléad A-AAR comhlánaithe curtha isteach agat cheana féin le haghaidh 2023 agus sraith iomlán na gcuntas le haghaidh 2024, agus ní gá duit é sin a dhéanamh arís **(cuir tic leis na míreanna seo)**.

---

- ☐ Tá na codanna ábhartha uile den fhoirm iarratais comhlánaithe agus réidh le huaslódáil againn.
- ☐ Chuireamar 'Athrú ar bith' isteach mura mbeidh aon athrú ann ó cuireadh ár n-iarratas le haghaidh 2024 isteach.
- ☐ Tá gach cuid ábhartha den teimpléad AAR i gcomhair 2024 agus 2025 (nó 2024-2027 má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú ilbhliantúil) comhlánaithe agus réidh le huaslódáil againn.
- ☐ Tá doiciméad críochnaithe againn ina bhfuil leagtha amach ár gclár le haghaidh 2025 a fhreagraíonn do gach líne den AAR (agus, ina theannta sin má tá iarratas á dhéanamh ar mhaoiniú ilbhliantúil, doiciméad ar leith ina bhfuil leagtha amach na pleananna do 2026 agus 2027).
- ☐ Chuireamar ár dteimpléid AAR le haghaidh 2023 isteach cheana.
- ☐ Tá ár bhfaisnéis airgeadais achomair réidh againn le cur ar na foirmeacha sna Seirbhísí Ar Líne.
- ☐ Tá cuntais bhainistíochta againn lena gcuimsítear figiúirí IARBHÍR don bhliain reatha go dtí seo, agus figiúirí RÉAMH-MHEASTA don chuid eile den bhliain 2024.
- ☐ Buiséad táscach le haghaidh 2025, curtha ar fáil san fhormáid chéanna mar atá thuas.
- ☐ Tá buiséid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí **suntasacha** atá againn, anuas ar an bhfaisnéis a thugtar sa teimpléad AAR, réidh le huaslódáil againn.

---

- ☐ Tá na hábhair ábhartha go léir chun tacú le gníomhaíochtaí breise réidh le huaslódáil againn.
- ☐ Tá sampla amháin ar a laghad (ach gan níos mó ná trí shampla) d'obair a rinneamar réidh le huaslódáil againn.
- ☐ Tá polasaí um Chomhionannais, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht againn, atá sínithe ag an mbord, agus tá sé ar fáil ar ár suíomh gréasáin.

---

**Míreanna roghnacha (seiceáil iad siúd a bhaineann le d’iarratas)**

- ☐ Tá fianaise againn ar thacaíocht airgeadais, urraíocht nó comhpháirtíocht ó eagraíochtaí nó eintitis eile agus tá sí réidh le huaslódáil againn
- ☐ Tá fianaise againn ar mheabhráin tuisceana nó ar chomhaontuithe airgeadais nó comhpháirtíochta maidir le camchuairteanna nó gníomhaíochtaí eile lena bhfuil baint ag
- ☐ tríú páirtithe agus tá sí réidh le huaslódáil againn
- ☐ Tá cóip dár bplean margaíochta/cumarsáide is déanaí réidh le huaslódáil againn.

Tá plean straitéiseach nó plean gnó, arna shíniú ag an mbord, againn agus tá sé réidh le huaslódáil againn.

**An dara tuairim (seiceáil an mhír seo)**

- ☐ Rinne beirt ar a laghad inár n-eagraíocht ár n-iarratas a sheiceáil chun a chinntiú nach bhfuil aon earráidí ann agus nach bhfuil aon rud ar iarraidh.

**Rialachas (cuir tic leis an mír seo)**

- ☐ Rinne cathaoirleach ár mboird athbhreithniú ar an iarratas seo agus tá sé sásta go dtagann na hábhair ann le misean, fís agus beartais ár n-eagraíochta.

## 3.8 D’iarratas a dhéanamh ar líne

Agus foirm iarratais chomhlánaithe, teimpléad AAR agus ábhar tacaíochta agat anois, is féidir leat d'iarratas ar líne a chríochnú.

1. Logáil isteach ar Sheirbhísí ar Líne.
2. Ar do leathanach baile, roghnaigh an táb **M'iarratas** agus roghnaigh an t-iarratas ar Maoiniú d’Ionaid Ealaíon atá cruthaithe agat cheana.
3. Ar scáileán 1, cliceáil **Ar Aghaidh**.
4. Tá scáileán 2 ainmnithe mar ‘2. Déan iarratas: Iarr suim an mhaoinithe’. Cuir isteach d’fhaisnéis airgeadais achomair sa scáileán seo. Tá an t-eolas seo i do theimpléad AAR.

   I gcuid A, déan é seo a leanas agus cliceáil **Sábháil dréacht**.

| Réimse | Gníomh |
|---|---|
| An méid atá á iarraidh | Cuir isteach an méid maoinithe atá á iarraidh agat don tréimhse 1 Eanáir–31 Nollaig 2025. **Níor mhór** go mbeadh sé seo ag teacht leis an bhfigiúr sa dara bileog oibre i do theimpléad AAR, **cill D81**: ‘AN MÉID ATÁ Á IARRAIDH AR AN gCOMHAIRLE EALAÍON, 2025’. |
| Ioncam iomlán | Cuir isteach d'ioncam iomlán measta don tréimhse 1 Eanáir–31 Nollaig 2025, **gan an méid** atá á iarraidh ar an |

| | |
|---|---|
| | gComhairle Ealaíon san áireamh. |
| **Caiteachas iomlán** | Cuir isteach d'ioncam iomlán measta don tréimhse 1 Eanáir–31 Nollaig 2025. |

5. Ar scáileán 2, cuid B, cuir isteach d'fhaisnéis ioncaim le haghaidh 2023, 2024 agus 2025 agus cliceáil **Sábháil dréacht** agus **Ar Aghaidh**. Bain úsáid as na figiúirí sin.
    - **Figiúirí iarbhír le haghaidh 2023** ó do chuntais iniúchta ó 2023
    - **Figiúirí measta le haghaidh 2024** ó do chuntais bhainistíochta is déanaí
    - **Figiúirí tuartha le haghaidh 2025** ó do theimpléad AAR.

    Tugtar míniú sna táblaí seo ar na míreanna ioncaim agus caiteachais ar **scáileán 2, cuid B**.

| Míreanna ioncaim | Cur síos |
|---|---|
| Ioncam i gcoinne na gcroíghníomhaíochtaí | Ioncam ar bith a fhaigheann d'eagraíocht óna gníomhaíochtaí neamhealaíne – e.g. maoiniú deontais an údaráis áitiúil, saoráid nó trealamh a ligtear amach ar cíos, nó táillí gairmiúla |
| Ioncaim i gcoinne gníomhaíochtaí ealaíne/cláir | Ioncam ar bith a fhaigheann d'eagraíocht óna gníomhaíochtaí ealaíne nó cláir – e.g. díol ticéad, díolacháin foilseachán, díolacháin/coimisiúin ghailearaí, ceardlanna agus seimineáir, táillí ballraíochta |
| **Míreanna caiteachais** | **Cur síos** |
| Príomhchostais iomlána | Gach costas – lena n-áirítear costais foirne – a bhaineann le reáchtáil leanúnach laethúil na heagraíochta |
| Costais dhíreacha gníomhaíochtaí ealaíne/cláir | Costais dhíreacha a bhaineann le clár d'eagraíochta a chur ar fáil, amhail táillí ealaíontóirí, cultacha, seiteanna, léiriú fisiciúil, costais phriontála nó taispeántais, soláthar faisnéise, srl. |

6. Tá scáileán 3 ainmnithe mar ‘3. Déan iarratas: Uaslódáil foirm iarratais agus ábhar tacaíochta’.

    I gcuid A, cliceáil **Roghnaigh Comhad**, roghnaigh comhad d’fhoirme iarratais agus cliceáil **Uaslódáil**.

    I gcuid B, uaslódáil d'ábhair thacaíochta **agus do theimpléad AAR**.

**Tabhair faoi deara:** nuair a uaslódálann tú an teimpléad AAR, **ní mór** duit ‘teimpléad um Thuairisc ar Ghníomhaíochtaí Ealaíon’ a roghnú ón liosta anuas ionas go mbeidh na measúnóirí in ann é a aithint nuair a chuireann tú isteach é.

Ag tráth ar bith, cliceáil **Sábháil dréacht** chun d'iarratas a shábháil. Is féidir leat logáil amach agus filleadh air níos déanaí freisin. Nuair a bheidh tú críochnaithe le hábhar a uaslódáil, cliceáil **Ar Aghaidh**.

7. Tá scáileán 4 ainmnithe mar ‘4. Cuir isteach an t-iarratas’. Caith súil siar ar do shonraí, agus nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud curtha san áireamh agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir leat d’iarratas a leasú i ndiaidh é a chur isteach. **Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.**

I ndiaidh d’iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost.

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d’iarratas.
- D’fhéadfadh an dara ríomhphost teacht cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d’uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d’iarratas. **Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais**, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie.

Tá an próiseas iarratais curtha i gcrích agat anois.

# 4. An dóigh a ndéantar d'iarratas a phróiseáil

Sa chuid seo, insítear duit faoin gcaoi a ndéanann an Chomhairle Ealaíon measúnú ar d'iarratas agus an chaoi a ndéanann sé cinneadh faoi. Ceapadh an próiseas seo chun a chinntiú go bhfuil an próiseas oscailte, cothrom agus trédhearcach.

**1** I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú dhá ríomhphost:

- Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
- Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

**Tabhair faoi deara:** ní chiallaíonn na ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh maoiniú.

Mura bhfaigheann tú an ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

**2** Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Seiceáil na critéir incháilitheachta i gcodanna 1.3 agus 1.4 thuas.

Ní mór duit d'iarratas a chur isteach ar Sheirbhísí ar Líne. Ní ghlacfaimid le d'iarratas más amhlaidh an méid seo a leanas:

- Níor chuir tú foirm iarratais chomhlánaithe isteach agus níor uaslódáil tú doiciméid tacaíochta trí shuíomh Seirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon
- Níor chuir tú an t-iarratas isteach faoin spriocdháta.

D'fhéadfadh sé nach mbeimid in ann d'iarratas a mheas más amhlaidh an méid seo a leanas:

- Níor chuir tú teimpléad comhlánaithe AAR isteach le d'iarratas.
- Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta uile a theastaíonn isteach.
- Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta eile a bhaineann le d'iarratas isteach.
- Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nach gceadaítear faoin gclár maoinithe seo.
- Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí a bheadh ní b'oiriúnaí do chlár maoinithe eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon nó gníomhaireacht Rialtais eile a chuireann deontais ar fáil.

Má mheastar d'iarratas a bheith neamh-incháilithe, is féidir leat iarratas a dhéanamh arís leis an togra céanna le haghaidh babhtaí maoinithe amach anseo má chomhlíonann sé na riachtanais incháilitheachta.

**3** Déantar measúnú ar an iarratas agus tugtar scór dó bunaithe ar na critéir mheasúnaithe.

| | |
|---|---|
| **4** | Ullmhóimid moltaí don Chomhairle agus d'Fheidhmeannas na Comhairle Ealaíon. |
| **5** | Déanann an Chomhairle na moltaí a bhreithniú agus déanann sí na cinntí deiridh. |
| **6** | Cuirfear ar an eolas thú faoi chinneadh na Comhairle, agus gheobhaidh tú cóip den mholadh freisin. |
| **7** | Má éiríonn le d’iarratas, seolfaimid sonraí chugat faoin gcéad rud eile ba cheart duit a dhéanamh. |

# 5 Cén chaoi a n-úsáideann an Chomhairle Ealaíon d'fhaisnéis agus cén chaoi a dtugann sí cosaint don fhaisnéis sin?

## 5.1 Cosaint Sonraí

Bainfidh an Chomhairle Ealaíon úsáid as an bhfaisnéis a thugann tú i d'iarratas chun tuiscint a fháil ar d'eagraíocht agus ar na gníomhaíochtaí sin a bhfuil maoiniú á lorg agat ina leith. Féadfaidh an Chomhairle Ealaíon cuid den fhaisnéis sin a úsáid ar fháthanna eile freisin – e.g. chun ár mbunachar sonraí a nuashonrú nó chun cabhrú linn áitiú níos mó ar an Rialtas go gcaithfear maoiniú a sholáthar ar son na n-ealaíon.

Le gur féidir maoiniú ar bith a bhronnadh ar d'eagraíocht, beidh sonraí pearsanta áirithe de dhíth – e.g. seoltaí ríomhphoist, sonraí tuarastail agus teidil phoist. Coinneofar agus próiseálfar sonraí pearsanta ar bith a thabharfaidh tú dúinn i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, agus i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin infheidhme eile maidir le cosaint sonraí a achtófar nó a dtiocfaidh éifeacht leo ó am go ham.

Bainfimid úsáid as an bhfaisnéis san fhoirm iarratais seo (lena n-áirítear sonraí pearsanta) chun d'iarratas a phróiseáil, agus le haghaidh cumarsáid leanúnach eadrainn. Déanfaidh an Chomhairle Ealaíon sonraí pearsanta ar bith a choinneáil agus a phróiseáil, a fhad is a bheidh siad ag teastáil don mhéid seo a leanas:

a) Measúnú agus cinneadh a dhéanamh ar d'iarratas agus, i gcás iarratas mírathúil, tréimhse ar bith ina dhiaidh sin a chríochnódh le cur i gcrích nó socrú achomhairc nó agóide dlíthiúla; agus

b) Le haghaidh bainistíocht nó feidhmíocht comhaontú maoinithe ar bith a thiocfadh as iarratas rathúil agus tréimhse ar bith ina dhiaidh sin a chríochnóidh le cur i gcrích nó socrú aon éilimh nó imeachtaí dlí maidir le comhaontú maoinithe.

Féadfar sonraí pearsanta a nochtadh do mheasúnóirí seachtracha arna gceapadh ag an gComhairle Ealaíon chun páirt a ghlacadh sa mheasúnú ar d'iarratas ar mhaoiniú. Féadfaidh an Chomhairle Ealaíon sonraí pearsanta a phróiseáil le haghaidh taighde nó anailís eile ar shonraí, agus sa chás sin déanfar na sonraí pearsanta a anaithnidiú.

Má tá aon cheist agat i ndáil le próiseáil na sonraí pearsanta arna gcur ar fáil agat féin, seol ríomhphost chuig dataprotection@artscouncil.ie le do thoil.

## 5.2 Saoráil Faisnéise

Féadfar faisnéis a thugtar don Chomhairle Ealaíon a nochtadh de thoradh ar iarraidh a dhéantar faoi bhun an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014. Má mheasann faighteoirí **nár** cheart faisnéis áirithe a nochtadh mar gheall ar a rúndacht nó ar leochaileacht tráchtála, ní mór d'fhaighteoirí, agus iad ag tabhairt faisnéis den sórt sin, faisnéis dá leithéid a aithint go soiléir agus na cúiseanna a bhfuil sé rúnda nó leochaileach ar bhonn tráchtála a shonrú. Mura n-aithníonn faighteoirí faisnéis den sórt sin mar fhaisnéis rúnda nó atá leochaileach ar bhonn tráchtála, d'fhéadfaí í a nochtadh mar fhreagra ar iarratas ar Shaoráil Faisnéise gan a thuilleadh fógra don fhaightear ná dul i gcomhairle leis an bhfaighteoir. Rachaidh an Chomhairle Ealaíon i gcomhairle, nuair is féidir, leis an bhfaighteoir maidir le faisnéis a

aithnítear mar fhaisnéis rúnda nó atá leochaileach ar bhonn tráchtála sula ndéanfaidh sí cinneadh ar iarratas arna fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

- Chun eolas a fháil faoi fhorálacha an Achta, féach ar https://foi.gov.ie/ga/
- Chun beartais na Comhairle Ealaíon i leith saoráil faisnéise a fheiceáil, féach ar http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Saorail-faisneise/